# Scéal, Scéal, Scéal…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

20 Meitheamh 2024 Eagrán 201



John Ó Máille ag baint sásamh as lá breá samhraidh
Grianghraf: Johanna Ní Mháille

## Samhradh, samhradh…

Tá na scrúduithe stáit thart!

Tá na bunscoileanna ar hob a ndúnta.

Tá an samhradh linn!

Tá daoine gnóthach cheana féin le Gaeilgeoirí, garraí agus portach, sa mbreis ar a mbíonn ar bun ar aon chaoi. Mar sin féin is cinnte go bhfuil pleananna do champaí samhraidh, féilte bád agus ceoil, do thaisteal agus do shaoire ag daoine. Beidh aghaidh roinnt daoine thar lear, cuid eile ag fanacht sa mbaile.

Molann muide i *Scéal, Scéal, Scéal…* eolas a chur ar a bhfuil thart orainn; cuairt a thabhairt ar áit nach bhfaca tú cheana agus nach bhfuil i bhfad uait!

Céard faoi bhunáit na bhFlaitheartach in Achaidh an Iúir, idir Mhaigh Cuilinn agus Uachtar Ard? An raibh tú ariamh ag láthair an Mhine ar an Lochán Beag? An bhfaca tú Bád Cholmcille ar an mBántrain? Cá bhfuil Tobairín Naomh Anna? An raibh tú ar Oileán Mhic Dara ar lá an phatrúin an 16 Iúil?

Chuir Anna Heussaff tús leis an mBealach Gorm, mír nua ar an gclár TÚS ÁITE ar Raidió na Gaeltachta. Bhí Anna ar an mBealach Glas anuraidh agus moltaí ríspéisiúla aici faoi thurasóireacht in Éirinn ar chórais iompair poiblí.



Beidh an Bealach *gorm* i mbliana mar go mbeidh sí ag dul thar lear – ag trasnú na farraige, í fós ag baint tairbhe as córais iompair phoiblí, ach ag seachaint eitleán! Is fiú cluais a thabhairt di agus cúrsaí timpeallachta a chur san áireamh agus muid i mbun roghanna taistil.
Go n-éirí an samhradh libh!

## Aistear na nGael

Ná déan dearmad! Is féidir le déagóirí cur isteach ar Aistear na nGael i gcónaí.

Féach ar Eagrán 200 le haghaidh eolais.



# Seán Breathnach – Príomhoide Scoil na bhForbacha ó 2002 go 2024

*Le Niamh Nic Cárthaigh, Leas-Phríomhoide.*



Tá Seán Breathnach ag dul ar scor!

Cé gur i Sasana rugadh é, is ar an gCeathrú Rua a tógadh é, lena mhuintir, Pádraic agus Nóra, agus a dheartháir Máirtín. I gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach a fuair sé a chuid cáilíochtaí oideachais. Chaith sé 10 mbliana ag teagasc i mBaile Átha Cliath. Bhog sé go Cill Chiaráin ar feadh scaithimh sular aistrigh go Scoil Fhursa i nGaillimh.

Ceapadh Seán mar phríomhoide ar Scoil na bhForbacha nuair a d'éirigh Liam Ó Gráinne as an bpost sin. Rinne sé obair na gcapall sa dá bhliain is fiche atá caite aige mar Phríomhoide agus is cinnte gurb í tógáil na scoile nua buaicphointe a sheirbhíse. Chuaigh pobal na scoile isteach inti i 2017. Scoil álainn, spreagúil, nua-aimseartha í, suite ar cheann de na suíomhanna is áille do shuíomh scoile, ag breathnú amach ar chuan na Gaillimhe. Tógadh naíonra ar shuíomh na scoile go gairid ina dhiaidh sin.

Riaraigh Seán pobal na scoile, idir fhoireann agus daltaí, go tuiscineach, muiníneach agus is iomaí éacht a cuireadh i gcrích faoina stiúir. Spreag sé múinteoirí le tabhairt faoi thograí nua agus thacaigh leo ar bhonn pearsanta agus gairmiúil.

Is fear mór teicneolaíochta é Seán agus bhí fís fhadtéarmach aige an teicneolaíocht a bheith lárnach sa bhfoghlaim. Bhí an scoil gníomhach sa gclár Erasmus. Dhear agus roinn an scoil tionscnaimh dhigiteacha le scoileanna eile san Eoraip, rud a d'fhág an scoil lán-ábalta tabhairt faoi dhúshláin dhigiteacha nuair a tháinig COVID-19. D'oscail Seán na doirse do TG4 le TG4 AR SCOIL a chraoladh ón scoil le linn na paindéime.

Chuir Seán fáilte roimh chuairteoirí, aoi-chainteoirí, ceoltóirí is ealaíontóirí agus bhí caidreamh an-mhaith aige le chuile dhuine. Sheas sé i gclós na scoile chuile mhaidin chun labhairt le tuismitheoirí agus chun fáilte a chur roimh dhaltaí.

Is í an aidhm a bhí i gcónaí aige ná an Ghaeilge a bheith i gcroílár gach gné de shaol na scoile. Nuair a ghnóthaigh an scoil stádas aitheantas mar Scoil Ghaeltachta i 2023, b'údar mór bróid é do Sheán agus do phobal na scoile araon.

Is cinnte go bhfuil oidhreacht shaibhir, fhollháin fágtha ina dhiaidh ag Seán agus labhraím ar son phobal uile na scoile nuair a deirim go n-aireoidh muid uainn go mór é.

Guímid sláinte, fadsaoil agus chuile rath ar Sheán agus ar Joan sna blianta saora rompu.

## An Ghaeilge sa Suíomh Luath Óige

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mbun comhairliúcháin poiblí ar Phlean Náisiúnta do Sholáthar Gaeilge san Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus sa gCúram Leanaí d'Aois Scoile (SAC).




Ar na rudaí is tábhachtaí do phobal na Gaeltachta a bheas á gcíoradh tá:

- Deiseanna a chruthú le go mbeidh rochtain níos fearr ar sholáthar luathfhoghlama agus cúraim trí mheán na Gaeilge.
- Tacú le soláthar ELC trí mheán na Gaeilge agus é a neartú.
- Riachtanais an fhoghlaimeora dúchais agus an fhoghlaimeora Gaeilge mar dara/teanga bhreise in ELC agus SAC.

Is féidir páirt a ghlacadh ann ar dhá bhealach: tré shuirbhé ar líne nó i ngrúpa fócais:

- **24/06 ag 6.00 i.n. (i nGaeilge)**

  Geallsealbhóirí: Fócas ar leith ar shuíomhanna luath-óige agus chúram leanaí do pháistí ar aois scoile a ghníomhaíonn trí mheán an Bhéarla.
- **24/06 ag 6.00 i.n. (i mBéarla)**

  Geallsealbhóirí: Fócas ar leith ar shuíomhanna luath-óige agus chúram leanaí do pháistí ar aois scoile a ghníomhaíonn trí mheán an Bhéarla.
- **25/06 ag 6.00 i.n. (i nGaeilge)**

  Fócas ar chúram leanaí do pháistí ar aois scoile.
- **25/06 ag 6.00 i.n. (i mBéarla)**

  Fócas ar chúram leanaí do pháistí ar aois scoile.

Is fiú go mór páirt a ghlacadh sa gcomhairliúchán seo, in ainneoin fógra gearr ina leith. Bunófar polasaithe ar an eolas a bhaileofar dá bharr.

*Tapaigh an deis tionchar a imirt ar an ábhar tábhachtach seo.*

## Aisteoirí ag Teastáil

Tá Fíbín sa Taibhdhearc ag lorg aisteoirí pobail le bheith páirteach i mór-léiriú an gCathair na Gaillimhe i mí Iúil.

Teastaíonn grúpa suas go 20 duine uathu. Is deis iontach é seo a bheith ag obair le stiúrthóir idirnáisiúnta ar léiriú uaillmhianach. Beidh cúpla uair cleachtaithe i gceist thar cúpla lá idir 24 Meitheamh agus 27 Iúil.

Beidh na léirithe ar bun san oíche 25, 26 agus 27 Iúil i gcathair na Gaillimhe. Má tá suim agat ann bí i dteagmháil le eolas@fibin.com.

## Postanna

Tá neart postanna ar fáil in earnáil na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe faoi láthair.

### Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tá ceathrar Oifigeach Forbartha á n-earcú ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, i gceantar Chonnacht agus i gceantar na Mí.

Tá sonraí ar fáil ar láithreán Thuismitheoirí na Gaeltachta.

Sa mbreis ar na postanna sin, tá siad sa tóir ar Oifigeach Forbartha ar leith, a bheas freagrach as riaradh cúrsaí teicneolaíochta san eagraíocht: suíomh idirlín, nuachtlitir, meáin shóisialta, córas clárúcháin srl.

Is í an Aoine 28 Meitheamh ag 1.00 i.n an sprioc d'iarratais ar na postanna seo ar fad.

### OPT in Inis Oirr

Tá Oifigeach Pleanála Teanga le fostú in Inis Oirr.

Seol CV agus litir chumhdaigh chuig bainisteoir@discoverinisoirr.com.

Caithfear deifriú le cur isteach ar an bpost seo! 5.00 i.n., Dé hAoine 21 Meitheamh an spriochdáta.

### OPT i gConamara Láir

Tá OPT le fostú in LPT Chonamara Láir freisin; sin ceantar Chamais, Ros Muc agus Carna.

Tá chuile eolas le fáil ach glaoch ar **087 329 4478** nó scríobh chuig fclteo@conamaralair.ie.

28 Meitheamh 2024 an spriocdháta sa gcás seo.

# Postanna (ar lean.)

## Gaeloideachas

Tá Gaeloideachas, a bhfuil oifig acu sna Forbacha, sa tóir ar dhuine le tuiscint agus taithí ar earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge do ról nua le seirbhísí tacaíochta na heagraíochta do na naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht a fhorbairt agus le habhcóideacht a dhéanamh ar a son.

Post lánaimseartha le conradh 5 bliana atá ann

Tá foirm iarratais agus sainchuntas poist le fáil ó foluntais@gaeloideachas.ie.

10 Iúil 2024 ag meánlae an spriocdháta le haghaidh foirm iarratais agus CV.

## Ardoifig an Údaráis

Tá roinnt postanna sinsearacha le líonadh in Ardoifigí Údarás na Galetachta.

### Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Is duine den triúr Stiúrthóirí sinsearacha san Údarás é an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus bíonn sé/sí freagrach go díreach don Phríomhfheidhmeannach.

Tá tuilleadh eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le seamus@daltun.ie.

3 Iúil 2024 ag meánlae an spriocdháta.

### Príomhoifigeach Cúnta Ealaín, Óige agus Luathbhlianta

Cuidiú le straitéis agus gníomhaíochtaí an Údaráis atá dírithe ar chothú agus neartú na Gaeilge sa nGaeltacht atá i gceist. Tá stiúradh an phróisis pleanála teanga mar chuid lárnach den obair sin. Tá réimsí na n-ealaíon, na hóige agus an luathoideachais mar mhórphiléir thacaíochta don phróiseas pleanála teanga.

Díreoidh an ról seo ar chúram a thabhairt d’fhorbairt agus do chothú réimse na n-ealaíon, na hóige agus na luathbhlianta sa nGaeltacht trí phleanáil, comhordú agus comhoibriú straitéiseach a chinntiú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó foluntais@udaras.ie.

4 Iúil 2024 ag 4.00 i.n an spriocdháta.